**IRISH UNIVERSITIES ACT, 1908**
**ACHT CHOLÁISTE PHRÍOMH-SCOILE NA GAILLIMHE, 1929**
**UNIVERSITIES ACT, 1997**

# OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

# REACHT CCCLIV

**National University of Ireland, Galway/*Ollscoil na hÉireann, Gaillimh***

**STATUTE CCCLIV/*REACHT CCCLIV***

WE, Údarás na hOllscoile of National University of Ireland, Galway, under and by virtue of the powers in that behalf conferred on us by the above Acts, DO by this present instrument under the Seal of National University of Ireland, Galway, make the Statute contained in the Schedule hereto for the general government of the said University./*Faoi agus de bhua na gcumhacht sin a bheirtear dúinn ag na hAchtanna thuasluaite, déanaimidne, Údarás na hOllscoile ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, tríd an ionstraim seo faoi Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an Reacht atá sa Sceideal seo thíos chun rialú ginearálta na hOllscoile sin.*

Given under the Common Seal of National University of Ireland, Galway, this second Day of November, Two Thousand and Seventeen./*Arna thabhairt faoi Ghnáth-Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an dara lá seo do mhí na Samhna, Dhá Mhíle agus a Seacht Déag.*

Present when the Common Seal of National
University of Ireland, Galway, was affixed hereto:
*I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-Shéala*
*Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, dó seo:*

L.S.

James J. Browne, *Uachtarán*
Gearóid Ó Conluain, *Rúnaí*

**Schedule – STATUTE CCCLIV/*Sceideal – REACHT CCCLIV***

All previous Statutes of National University of Ireland, Galway, shall be read and construed with the alterations, additions and modifications hereinafter set forth./*Déanfar Reachtanna uile Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, roimhe seo a léamh agus a fhorléiriú maille leis na hathruithe, na breisithe agus na modhnuithe atá leagtha amach ina dhiaidh seo thíos.*

NUI Galway
OÉ Gaillimh

## CHAPTER I

## PERSONAL PROFESSORSHIP

1. There is hereby established in the University the following Personal Professorship:

   **Personal Professorship of Regenerative Surgery / Consultant Surgeon**

2. The holder of the foregoing Personal Professorship shall be required to be at the same time the holder in a permanent capacity of the office of Consultant of Regenerative Surgery to be established in conjunction with the said Personal Professorship by the Health Service Executive in the University College/Merlin Park Regional Hospitals, Galway. In the event that the holder of the Personal Professorship ceases to hold the said office of Consultant of Regenerative Surgery, (s)he shall thereby be deemed to have resigned from the said Personal Professorship.

3. The holder of the said Personal Professorship shall devote 30% of his/her time to the duties of the said Personal Professorship and 70% of his/her time to the duties of the foregoing office of Consultant of Regenerative Surgery.

4. The annual stipend attaching to the said Personal Professorship shall be the salary attaching from time to time to joint fulltime Academic Medical Consultant Associate Professor appointments. It shall be payable by the Health Service Executive/Saolta and NUI Galway.

5. The holder of the said Personal Professorship shall deliver clinical instruction to the students of the University at such hours and in such hospitals as the Academic Council may prescribe, subject to review by Údarás na hOllscoile.

6. The said Personal Professorship shall be a pensionable office in accordance with the relevant pension scheme provisions operated by the Health Service Executive/Saolta in respect of Academic Medical Consultant Associate Professorships. The pension shall be payable by the Health Service Executive/Saolta and NUI Galway.

7. Subject to the terms of the Employment Control Framework currently in operation in the Health Service Executive under direction from the Department of Health, or as such terms may be amended hereafter, the holder of the said Personal Professorship shall, subject to good conduct, a satisfactory probation period of one year, and the due fulfilment of his/her duties, be entitled to continue in office until (s)he shall have attained the age of sixty-five years: PROVIDED that (1) in the case of an appointee who is deemed to be a 'new entrant' to the public service in accordance with the provisions of the Public Service Superannuation (Miscellaneous Provisions) Act 2004 and who had pensionable employment in the public service at some point in the twenty six weeks prior to his/her appointment, shall not be entitled to retire before attaining the age of sixty-five years and shall not be obliged to retire on the grounds of having attained the age of sixty-five years, or (2) in the case of an appointee who is deemed to be a 'new recruit' from 1 January, 2013 to the public service in accordance with the provisions of the Public Service Pensions (Single Scheme and Other Provisions) Act 2012, shall not be entitled to retire before attaining the age of sixty-six years from 1 January, 2014, rising in line with the statutory state pension age to sixty-seven years from 1 January 2021 and sixty-eight years from 1 January 2028 and shall not be obliged to retire before attaining the age of seventy years.

8. The holder of the said Personal Professorship shall carry out the duties of the Personal Professorship under the direction of such Head of School as Údarás na hOllscoile shall from time to time deem appropriate.

**CHAPTER II**

1. Nothing herein contained shall affect any appointment made, right acquired or act done under any previous Statute of the University.

2. This Statute shall come into operation on the second Day of November, Two Thousand and Seventeen, and may be cited as Statute CCCLIV, National University of Ireland, Galway, or Stat. CCCLIV, Nat. Univ. of I., Galway.

Present when the Common Seal of National University of Ireland, Galway, was affixed hereto:

L.S.

James J. Browne, *Uachtarán*
Gearóid Ó Conluain, *Rúnaí*

## CAIBIDIL I

## OLLÚNACHT PHEARSANTA

1. Bunaítear leis seo san Ollscoil an Ollúnacht Phearsanta seo a leanas:

**Ollúnacht Phearsanta le Máinliacht Athghiniúnach / Máinlia Comhairleach**

2. Ní foláir do shealbhóir na hOllúnachta Pearsanta réamhráite bheith ag an am céanna ina s(h)ealbhóir oifige i gcáil bhuan mar Chomhairleoir ar an Mháinliacht Athghiniúnach a bhunófar in éineacht leis an Ollúnacht Phearsanta sin ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in Ospidéal Choláiste na hOllscoile nó Ospidéal Pháirc Mhuirlinne i nGaillimh. I gcás go stadfaidh sealbhóir na hOllúnachta Pearsanta de bheith i seilbh oifige mar Chomhairleoir ar an Mháinliacht Athghiniúnach sin, measfar leis sin é/í a bheith éirithe as an Ollúnacht Phearsanta sin.

3. Caithfidh sealbhóir na hOllúnachta Pearsanta sin 30% dá c(h)uid ama ar dhualgais na hOllúnachta Pearsanta sin agus 70% dá c(h)uid ama ar dhualgais na hoifige réamhráite a bhaineann leis an Mháinliacht Athghiniúnach.

4. Is é an tuarastal bliantúil a ghabhfaidh leis an Ollúnacht Phearsanta sin ná an tuarastal a ghabhann ó am go chéile le comhcheapacháin lánaimseartha mar Chomhairleoir Leighis Acadúil ag leibhéal Comhollaimh. Íocfaidh Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte/Saolta agus OÉ Gaillimh an tuarastal seo.

5. Beidh ar shealbhóir na hOllúnachta Pearsanta sin teagasc cliniciúil a thabhairt do mhic léinn na hOllscoile ag na huaireanta agus sna hionaid a chinnfidh an Chomhairle Acadúil. Féadfaidh Údarás na hOllscoile na socruithe sin a athbhreithniú.

6. Is oifig inphinsin í an Ollúnacht Phearsanta sin de réir na míreanna cuí sa scéim Phinsin a fheidhmíonn Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte/Saolta i gcás Ollúnachtaí Leighis ag leibhéal Comhollaimh. Íocfaidh Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte/Saolta agus OÉ Gaillimh an pinsean seo.

7. Faoi réir théarmaí an Chreata um Rialú Fostaíochta atá i bhfeidhm faoi láthair san Ollscoil faoi threoir ón Údarás um Ardoideachas, nó de réir mar a leasófar na téarmaí sin ina dhiaidh seo, beidh sealbhóir na hOllúnachta Pearsanta sin i seilbh oifige, má bhíonn sé/sí dea-iompartha, má chomhlíonann sé/sí tréimhse promhaidh sásúil a mhaireann bliain, agus má chomhlíonann sé/sí a d(h)ualgais go cuí, go dtí go slánaíonn sé/sí cúig bliana seascad d'aois : AR AN gCOINNÍOL i gcás (1) sealbhóra a áirítear a bheith ina thosaitheoir nua sa tseirbhís phoiblí faoi na míreanna atá leagtha amach de réir forálacha an Achta um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghneitheacha) 2004 agus a raibh fostaíocht phinseanach aige/aici sa tseirbhís phoiblí am ar bith thar tréimhse fiche agus a sé seachtainí sular ceapadh é/í, nach mbeidh sé/sí i dteideal imeacht ar scor sula slánaíonn sé/sí cúig bliana seascad d'aois agus nach mbeidh air/uirthi imeacht ar scor as a p(h)ost de thairbhe cúig bliana seascad d'aois a bheith slánaithe aige/aici, nó i gcás (2) sealbhóra a áirítear a bheith ina 'earcach nua' ó 1 Eanáir, 2013 don seirbhís phoiblí de réir na bhforálacha cuí san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile), 2012 nach mbeidh sé/sí i dteideal scoir ó 1 Eanáir, 2014 sula slánaíonn sé/sí sé bhliain agus seascad d'aois agus an aoisleibhéal scoir ag ardú céim ar chéim leis an aoisleibhéal a bhaineann le pinsean reachtúil an Stáit, sé sin seacht mbliana agus seascad ó 1 Eanáir, 2021 agus ocht mbliana is seascad ó 1 Eanáir 2028 agus nach mbeidh air/uirthi imeacht ar scor sula mbíonn trí scor

agus deich mbliana d'aois slánaithe acu

8. Comhlíonfaidh sealbhóir an Ollúnacht Phearsanta sin dualgais na hOllúnachta Pearsanta faoi stiúrú cibé Ceann Scoile a mheasfaidh Údarás na hOllscoile ó am go chéile is iomchuí.

## CAIBIDIL II

1. Ní dhéanfaidh aon ní anseo difear d'aon cheapachán a rinneadh, d'aon cheart a fuarthas ná d'aon ghníomh a rinneadh faoi aon Reacht den Ollscoil roimhe seo.

2. Tiocfaidh an Reacht seo i ngníomh an dara lá do mhí na Samhna, Dhá Mhíle agus a Seacht Déag, agus féadfar Reacht CCCLIV, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a ghairm de, nó R. CCCLIV, O. na hÉ., Gaillimh

I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-Shéala
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, dó seo:

L.S.

James J. Browne, *Uachtarán*
Gearóid Ó Conluain, *Rúnaí*